

TOBAR IN INIS GLÓRACH

Geis ar an Tobar do na Mná

Tá tobar in íochtar Condae Mhuigheo. Tá oileán an-mhór ann. I gCuan an Fhóid Dhuibh atá an t-oileán. Tá leath an oileáin agus níor mhair beithidheach cheithe gcos aon oidhche ariamh ann. Bó caora ná capall, madadh nó cat a ghabhfadh ann san oidhche, bheidís marbh ar maidin.

Tá tobar fíor-uisge ann. Níor thóig aon bhean aon deor uisge ariamh as an tobar. Dá mbeadh naoidheanán fir léithe chuireadh sí lámh an naoidheanáin síos le n-a lámh féin leis an gcana. Thiubhradh sí lán a' chana d'uisge léithe ach gan sin ní thiubhradh sí aon deor uisge go bráthach as ná aon bhean eile. Tá cead ag fear ar bith cana uisge nó deoch uisge a thógáil, ach ní thig le aon bhean aon deoch uisge a thógáil agus níor thóig ariamh. Níl aonduine ina chomhnaidhe ar an oileán ach aon fhear amháin agus a mhuirghin. Ní raibh fear ar bith ní ba boichte ná é nuair a chuaigh sé isteach ar an oileán agus chuala mé go bhfuil sé ina dhuine an-tsaidhbhir ó shoin ann.